EBA/GL/2024/13

9 Deireadh Fómhair 2024

# Treoirlínte

## maidir le pleananna fuascailte faoi Airteagail 47 agus 55 de Rialachán (AE) 2023/1114

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

## Stádas na dTreoirlínte seo

1. Sa doiciméad seo tá Treoirlínte a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1]. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirlínte a chomhlíonadh.

2. Sna Treoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35) de Rialachán (AE) 2023/1114 [2] lena mbaineann na Treoirlínte iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcleachtais de réir mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú).

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an gcomhlíonann siad na Treoirlínte seo, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh nó a mhalairt, agus cúiseanna leis an neamhchomhlíonadh a lua go sonrach, faoin 10.02.2025. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE údaráis inniúla a bheith neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt "EBA/GL/2024/13" air. Níor cheart ach do dhaoine a bhfuil an t-údarás iomchuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú thar ceann a n-údarás inniúil fógraí a chur isteach. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

[2] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj).

# 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

## Ábhar

5. Sonraítear sna Treoirlínte seo (a) ábhar an phlean fuascailte, (b) tréimhsiúlacht chun plean den sórt sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, agus (c) na truicir maidir le cur chun feidhme an phlean fuascailte nach mór d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus d'eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid a tharraingt suas agus a choinneáil i mbun oibríochta de réir Airteagail 47 agus 55 de Rialachán (AE) 2023/1114.

## Raon feidhme an chur i bhfeidhm:

6. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid (mar a shainmhínítear i bpointí 6 agus 7 d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2023/1114).

7. I gcás eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid nach bhfuil faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú (toisc gur institiúidí creidmheasa nó institiúidí ríomh-airgid iad a eisíonn comharthaí neamhshuntasacha nár fhorchuir a n-údarás inniúil ábhartha é i gcomhréir le hAirteagal 58(2) de Rialachán (AE) 2023/1114), níl feidhm ag na míreanna "Leithdháileadh an chúlchiste sócmhainní chun éilimh fuascailte na sealbhóirí comharthaí a chomhlíonadh" agus "Leachtú an chúlchiste sócmhainní", faoi 4.2., ach amháin i gcás na míreanna sin a bhfuil léiriú sainráite ann ina leith iad a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis*, agus mar an gcéanna i gcás aon mhír nó cuid eile sna Treoirlínte lena nglactar leis go bhfuil an t-eisitheoir faoi réir an cheanglais sin.

## Seolaithe

8. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35), de Rialachán (AE) 2023/1114.

9. Tá na Treoirlínte seo dírithe freisin ar eisitheoirí, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (10), de Rialachán (AE) 2023/1114, de:

    i) chomharthaí sócmhainn-tagartha a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (6), den Rialachán sin (eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha – ARTanna); nó

    ii) chomharthaí ríomh-airgid a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (7), den Rialachán sin (eisitheoirí comharthaí ríomh-airgid – EMTanna).

## Sainmhínithe

10. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna Treoirlínte ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114.

# 3. Cur chun feidhme

## Dáta cur i bhfeidhm

11. Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo ón 10.02.2025.

# 4. Pleananna fuascailte

## 4.1 Breithnithe comhréireachta

12. Ar mhaithe le comhréireacht, agus chun leibhéal mionsonraithe ábhar agus minicíocht an athbhreithnithe thréimhsiúil ar an bplean fuascailte a chinneadh, ba cheart do na heisitheoirí agus don údarás inniúil na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

   i. aicmiú na ARTanna nó na EMTanna mar shuntasach i gcomhréir le hAirteagail 43 agus 44, agus 56 agus 57 de Rialachán (AE) 2023/1114;

   ii. i gcás eisitheoirí ART agus eisitheoirí EMT atá faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú faoi Rialachán (AE) 2023/1114, méid, luaineacht, comhdhéanamh, comhchruinniú agus cineál na gcúlsócmhainní agus an AMT nó an EMT féin;

   iii. eisiúintí iomadúla ARTanna nó EMTanna gan íoc ag an eisitheoir céanna;

   iv. eisiúint an ART nó an EMT chéanna ag eisitheoirí iomadúla;

   v. castacht agus próifíl riosca shamhail ghnó an eisitheora, agus aon ghníomhaíocht airgeadais nó neamhairgeadais eile á cur san áireamh.

13. Maidir le pleananna fuascailte arna bhforbairt ag eisitheoirí ART nó EMT shuntasaigh, nó ag eisitheoirí iomadúla i gcás eisiúint chomhthiomsaithe ART nó EMT, nó ag eisitheoirí a bhfuil eisiúintí iomadúla gan íoc acu nó a bhfuil samhlacha gnó casta acu agus próifíl riosca mhéadaithe acu, de réir mar a chinntear iad, a bhfuil údar leo agus a dtugann údaráis inniúla fógra ina leith, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh:

   i. beidh leibhéal méadaithe mionsonraí agus cuimsitheachta acu chun a n-inchreidteacht, a n-indéantacht agus a gcur chun feidhme tráthúil a léiriú; agus

   ii. déanfar iad a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ar a laghad.

14. Ba cheart d’eisitheoirí nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 13 an plean fuascailte a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta aon uair a bhíonn tionchar ábhartha ag athrú ar ábhar an phlean fuascailte. Tá sé sin gan dochar d’fhéidearthacht an údaráis inniúil ceangal a chur ar institiúidí a bpleananna fuascailte a thabhairt cothrom le dáta níos minice.

## 4.2 Prionsabail agus cuspóirí ginearálta an phlean fuascailte

15. I gcás ina bhfuil níos mó ná eisiúint amháin ARTanna nó EMTanna gan íoc ag an eisitheoir, ba cheart aghaidh a thabhairt go hiomchuí i bplean fuascailte gach comhartha ART nó EMT ar an idirnascthacht idir ARTanna gan íoc agus/nó EMTanna.

16. D'fhéadfadh sonraí pearsanta faoi stiúrthóirí, tríú páirtithe nó sealbhóirí príomhfheidhme a bheith sa phlean fuascailte, arna dhréachtú i gcomhréir leis na Treoirlínte seo. I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a chumhdaítear in Airteagal 5(1), litir (c), de Rialachán (AE) 2016/679[3], ba cheart a mheas gur riachtanach agus gur leordhóthanach na sonraí pearsanta sin. Agus pleananna fuascailte á dtarraingt suas agus/nó measúnú á dhéanamh ar an bplean fuascailte, ba cheart d'eisitheoirí agus d'údaráis inniúla, faoi seach, forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh. Ina theannta sin, de bhun prionsabal cosanta sonraí, níor cheart sonraí pearsanta den sórt sin a choinneáil ar feadh ní b'fhaide ná mar ba ghá.

## Caitheamh go cothrom le sealbhóirí comharthaí uile agus gan díobháil eacnamaíoch mhíchuí a dhéanamh

17. Ba cheart d'eisitheoirí an plean fuascailte a tharraingt suas trí na gníomhaíochtaí agus an próiseas a leagan síos d'fhonn a áirithiú go gcaithfear go cothrom le gach sealbhóir comharthaí, agus go gcosnófar an ceart fuascailte a ghabhann leis an gcomhartha mar a thuairiscítear sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní i gcomhréir le hIarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1114, le haghaidh ART agus le haghaidh EMT faoi seach.

18. Chun na críche sin, ba cheart na gníomhaíochtaí agus na próisis ghaolmhara a leagan síos sa phlean fuascailte chun a áirithiú, i measc nithe eile, go n-urramófar an t-am agus an modh atá beartaithe chun an ceart fuascailte a chomhlíonadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1114 agus leis an bpáipéar bán.

19. Mura nochtar a mhalairt sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní nó mura mbeartaítear a mhalairt sa dlí náisiúnta is infheidhme, ba cheart glacadh leis sa phlean fuascailte go gcaitear go cothrom le gach sealbhóir comharthaí ag a bhfuil an comhartha infhuascailte céanna agus go bhfuil siad ar chéim *pari passu*.

20. Chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le gach sealbhóir comharthaí mar a luaitear sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní, ba cheart don eisitheoir a áireamh sa phlean fuascailte conas a chuirfear fuascailt aonair na n-éileamh ar fionraí nuair a ghlacfar cinneadh an údaráis inniúil lena spreagtar cur chun feidhme an phlean fuascailte le haghaidh fhuascailt ordúil agus chomhchoiteann na gcomharthaí. Chun na críche sin, ba cheart don eisitheoir aird a thabhairt ar na forálacha sa pháipéar bán maidir le criptea-shócmhainní agus ar an dlí is infheidhme, lena n-áirítear Airteagal 46, míreanna (3) agus (4), de Rialachán (AE) 2023/1114 agus an dlí náisiúnta dócmhainneachta.

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

### Leithdháileadh an chúlchiste sócmhainní chun éilimh fuascailte na sealbhóirí comharthaí a chomhlíonadh

21. Maidir le heisitheoirí ARTanna agus EMTanna atá faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú, ba cheart dóibh an plean fuascailte a fhorbairt ag glacadh leis go n-úsáidfear an cúlchiste sócmhainní atá fágtha atá mar bhonn taca faoin ART nó EMT ábhartha chun tairbhe éilimh fuascailte na sealbhóirí comharthaí uile nuair a mheasann an t-údarás inniúil nach bhfuil an t-eisitheoir in ann nó gur dócha nach mbeidh sé in ann a oibleagáidí i leith sealbhóirí den sórt sin a chomhlíonadh. Ba cheart é sin a bheith gan dochar do cheart na sealbhóirí comharthaí gur cheart don eisitheoir an chuid dá n-éileamh (más ann dó) a fágadh gan sásamh le leachtú na gcúlsócmhainní atá fágtha a chomhlíonadh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear an dlí dócmhainneachta is infheidhme.

22. Agus é á chur san áireamh go bhfuil ceart fuascailte ag sealbhóirí comharthaí i gcónaí agus nach bhféadfaidh an plean fuascailte díobháil eacnamaíoch mhíchuí a fhorchur ar shealbhóirí comharthaí, ba cheart a léiriú sa phlean fuascailte conas a chumhdófar na costais a bhaineann leis an bplean fuascailte a chur chun feidhme – amhail chun sainchomhairleoirí nó idirghabhálaithe a cheapadh, nó i ndáil le leachtú an chúlchiste sócmhainní.

23. Chun éifeachtacht an chirt fuascailte a áirithiú agus nach ndéanann díobháil eacnamaíoch mhíchuí difear do na sealbhóirí comharthaí, ba cheart don eisitheoir a áirithiú sa phlean fuascailte nach bhféadfar na costais a bhaineann le leachtú an chúlchiste sócmhainní nó atá nasctha ar bhealach eile le cur chun feidhme an phlean fuascailte a leithdháileadh ach amháin ar na fáltais ó leachtú an chúlchiste sócmhainní tar éis an méid chun éilimh fuascailte na sealbhóirí comharthaí ábhartha a chomhlíonadh a chur i leataobh.

24. Ba cheart d’eisitheoirí a shoiléiriú sa phlean fuascailte freisin conas nach ionann na costais sin, fiú go hindíreach, agus táillí fuascailte, nach bhféadfar, de bhun Airteagail 39(3) nó 49(6) de Rialachán (AE) 2023/1114, a fhorchur ar shealbhóirí comharthaí, gan dochar d’Airteagal 46(1)(a) de Rialachán (AE) 2023/1114.

25. Ba cheart na costais a léirítear sa phlean fuascailte a shainaithint trí phróisis thrédhearcacha, ba cheart iad a bheith réasúnach agus údar cuí a bheith leo.

26. 22-26 Ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag míreanna maidir le heisitheoirí nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide cúlchiste sócmhainní a shealbhú, a mhéid atá sé comhsheasmhach leis an reachtaíocht earnála is infheidhme.

### Leachtú an chúlchiste sócmhainní

27. Chun éilimh na sealbhóirí comharthaí a chomhlíonadh ar go cothrom agus aon díobháil eacnamaíoch mhíchuí á seachaint, ba cheart d’eisitheoirí ARTanna nó EMTanna atá faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú an plean fuascailte a fhorbairt agus é mar aidhm aige uasmhéadú na bhfáltas ó leachtú an chúlchiste sócmhainní atá fágtha a áirithiú laistigh de thréimhse ama réasúnta.

28. Chun na críche sin, ba cheart don eisitheoir cásanna fuascailte a fhorbairt faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus faoi dhálaí anáis sa mhargadh agus straitéisí leachtaithe a leagan síos agus comhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní á chur san áireamh.

29. Ag féachaint don cheanglas nach ndéanfaidh forghníomhú an phlean fuascailte difear do chobhsaíocht mhargadh an chúlchiste sócmhainní, ba cheart ábharthacht an chúlchiste sócmhainní sa bhunmhargadh le haghaidh sócmhainní den sórt sin a chur san áireamh sna cásanna agus sna straitéisí sin.

30. Agus cásanna den sórt sin á bhforbairt, ba cheart d'eisitheoirí atá faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú beartas bainistithe leachtachta agus nósanna imeachta eisitheoirí mar a leagtar amach in Airteagal 45(3) de Rialachán (AE) 2023/1114 agus mar a shonraítear i gcomhréir le hAirteagal 45(7)(b) de Rialachán (AE) 2023/1114 agus Treoirlínte ÚBE maidir le paraiméadair thagartha choiteanna na gcásanna tástála struis, a shainordaítear faoi Airteagal 45(8) de Rialachán (AE) 2023/1114[4], a chur san áireamh.

31. Ba cheart go léireodh cásanna fuascailte fuascailt le linn oibríochtaí fós ar bun, i gcás gnáthimeachtaí dócmhainneachta faoin dlí náisiúnta nó i gcás chur i bhfeidhm na straitéise réitigh a mbeadh an t-eisitheoir faoi réir (más infheidhme).

32. D'fhonn straitéisí leachtaithe a fhorbairt, féadfaidh eisitheoirí a mheas go bhféadfar idirbhearta amhail comhaontuithe athcheannaigh agus idirbhearta maoinithe urrúis a chur chun feidhme, má tá siad ríthábhachtach chun na fáltais a uasmhéadú, chun dlús a chur leis an bpróiseas agus chun an tionchar ar an margadh ina ndéantar na sócmhainní a chaibidliú a theorannú.

33. Ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag míreanna 31 agus 32 maidir le heisitheoirí nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide cúlchiste sócmhainní a shealbhú, a mhéid atá sé comhsheasmhach leis an reachtaíocht earnála is infheidhme.

## Cur chun feidhme tráthúil

34. Ba cheart d'eisitheoirí a áirithiú go leagfar síos sa phlean fuascailte ar bhealach pragmatach agus oibríochtúil na gníomhaíochtaí atá le déanamh láithreach agus in aon chás gan moill mhíchuí ag an eisitheoir nuair a ghlacfaidh an t-údarás inniúil an cinneadh lena ngníomhachtaítear cur chun feidhme an phlean faoi Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

35. Ba cheart a áireamh sa phlean fuascailte freisin pleanáil chuimsitheach eagraithe na gcéimeanna agus na ngníomhaíochtaí gaolmhara is gá chun an plean a chur chun feidhme go hiomlán agus ba cheart a léiriú ann go mbaineann siad fuascailt ordúil na sealbhóirí comharthaí uile amach agus comhsheasmhacht na ngníomhaíochtaí sin leis an bpáipéar bán maidir le

[4] EBA/GL/2024/08. Ar fáil anseo: Tuarascáil chríochnaitheach ar Threoirlínte maidir le tástáil struis leachtachta faoi Airteagal 45(8) de MiCAR (europa.eu).

cripteashócmhainní. Thairis sin, ba cheart an plean fuascailte a tharraingt suas ar bhealach cuimsitheach, féinmhínitheach agus éasca le tuiscint, lena n-áirítear le haghaidh tríú páirtithe.

36. Ba cheart an méid seo a leanas a áireamh ar na céimeanna chun an plean a chur chun feidhme go hordúil:

   i. gníomhaíochtaí leantacha láithreacha maidir le cinneadh an údaráis inniúil an plean fuascailte a ghníomhachtú, lena n-áirítear gníomhachtú na bpróiseas inmheánach nó na socruithe conarthacha chun na gníomhaíochtaí criticiúla a choinneáil ar bun;

   ii. foilsiú an fhógra cumarsáide lena gcuirtear na sealbhóirí comharthaí ar an eolas faoin bpróiseas agus faoin amlíne chun a n-éileamh fuascailte agus an t-ábhar gaolmhar a chur isteach;

   iii. a mhéid nach n-áirítear é i bpointe (i) thuas, cur chun feidhme na straitéisí leachtaithe le haghaidh an chúlchiste sócmhainní mar a chuirtear in iúl sa mhír “Leachtú an chúlchiste sócmhainní” thuas;

   iv. measúnú ar na héilimh fuascailte;

   v. plean dáilte a fhorbairt, eadhon an plean chun na héilimh fuascailte uile a cuireadh isteach agus a ndearnadh measúnú dearfach orthu a chomhlíonadh, agus úsáid á baint as méid iomlán na bhfáltas ó leachtú an chúlchiste sócmhainní le haghaidh na n-eisitheoirí faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú nó, le haghaidh eisitheoirí nach bhfuil faoi réir an cheanglais cúlchiste sócmhainní a shealbhú, úsáid a bhaint as na cistí atá ar fáil chun na héilimh fuascailte a chomhlíonadh;

   vi. na socruithe agus an amlíne chun na héilimh fuascailte a measadh a bheith dearfach a shocrú.

37. Ba cheart a léiriú sa phlean fuascailte gach céim agus gach céim inar gá na hoibleagáidí chun an choireacht airgeadais a chomhrac a chomhlíonadh chun an plean fuascailte a chur chun feidhme agus go háirithe chun an próiseas fuascailte a fhorghníomhú mar a thuairiscítear sa mhír thíos.

38. Chun an ceanglas a chomhlíonadh go gcuirfear an plean fuascailte chun feidhme go tráthúil, ba cheart don eisitheoir an méid seo a leanas a chur san áireamh:

   i. an gá atá le hullmhacht leordhóthanach a áirithiú chun tacú le glacadh gníomhaíochta pragmataí agus oibríochtúla ag an eisitheoir láithreach agus in aon chás gan moill mhíchuí ar chinneadh an údaráis inniúil cur chun feidhme an phlean faoi Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 a spreagadh;

   ii. an t-am réasúnach chun na straitéisí leachtaithe a bhfuil tuairisc orthu sa mhír maidir le “Leachtú an chúlchiste sócmhainní” a chur chun feidhme;

iii. an t-am réasúnach a leithdháiltear ar na sealbhóirí comharthaí chun a n-éileamh fuascailte a chomhdú mar a shonraítear i míreanna 53-56 thíos;

iv. an t-am is gá chun an t-éileamh fuascailte a fhíorú agus a shocrú;

v. an t-am is gá chun an plean dáilte a thabhairt i gcrích ag féachaint dá chastacht, lena n-áirítear an líon éileamh fuascailte a cuireadh isteach.

39. Ba cheart don eisitheoir na socruithe atá beartaithe a léiriú sa phlean fuascailte chun cumhdach sábháilte na bhfáltas ó leachtú an chúlchiste sócmhainní a áirithiú go dtí go socrófar na héilimh fuascailte.

## 4.3 Ábhar an phlean fuascailte

### Prionsabail rialachais

40. Ba cheart don eisitheoir a áirithiú go bhfuil tuairisc shoiléir mhionsonraithe sa phlean fuascailte ar na socruithe agus na próisis rialachais lena gcumhdaítear a fhorbairt, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith lena fhorghníomhú. Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa phlean fuascailte:

i. comhalta nó comhaltaí an chomhlachta bainistíochta nó aon duine nó daoine laistigh de struchtúr eagraíochtúil an eisitheora atá freagrach as an bplean fuascailte a fhorbairt, a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme a léiriú;

ii. tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcomhtháthaítear an plean fuascailte sa chreat rialaithe inmheánaigh dá dtagraítear i dTreoirlínte ÚBE maidir le hinneachar íosta na socruithe rialachais d'eisitheoirí ARTanna [5] nó rialachán ábhartha eile is infheidhme maidir le heisitheoirí EMTanna;

iii. tuairisc a thabhairt ar na próisis chun an plean a thabhairt cothrom le dáta nó a athbhreithniú i gcás athruithe ábhartha a dhéanann difear do phróifíl ghnó nó airgeadais an eisitheora nó an chomhartha/na gcomharthaí arna n-eisiúint;

iv. sainaithneofar na gníomhaíochtaí criticiúla a choinneofar oibríochtúil chun an plean a chur chun feidhme, agus sainaithneofar an duine nó na daoine atá freagrach, ar thaobh an eisitheora nó laistigh den soláthraí tríú páirtí, i gcomhréir le míreanna 42-51;

v. an próiseas a leagan síos maidir le glacadh na gníomhaíochta ag gach céim chun forghníomhú tráthúil an phlean fuascailte a áirithiú ar chinneadh an údaráis inniúil i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2023/1114; agus

[5] EBA/GL/2024/06. Ar fáil anseo: https://www.eba.europa.eu/sites/default/files/2024-06/611ef3d4-4d67-467f-bf0d-4c2b1dd0ef5e/Final%20report%20on%20draft%20Guidelines%20on%20internal%20governance%20of%20issuers%20of%20ARTs.pdf.

vi. an duine teagmhála nó na daoine teagmhála atá i gceannas ar chumarsáid leis na sealbhóirí comharthaí, leis an údarás inniúil nó leis na húdaráis inniúla agus leis na contrapháirtithe agus/nó leis an bpobal a shainaithint, agus sonraí teagmhála cothrom le dáta na ndaoine sin a áireamh laistigh d'eagraíocht an eisitheora.

41. Ba cheart go léireofaí go cuí sa phlean fuascailte tionchar ainmniú riarthóra shealadaigh nuair a fhoráiltear dó leis an dlí is infheidhme de réir Airteagal 47(2) de Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear an iarmhairt go bhféadfadh sé nach mbeadh an comhlacht bainistíochta i gceannas go hiomlán nó go páirteach ar chur chun feidhme an phlean fuascailte.

## Gníomhaíochtaí criticiúla agus socruithe conarthacha

42. Ba cheart a áireamh sa phlean fuascailte mapáil ar na gníomhaíochtaí criticiúla atá riachtanach chun an plean a chur chun feidhme go hordúil. Ag féachaint d'eagraíocht struchtúrach an eisitheora, féadfar a áireamh orthu sin feidhmeanna inmheánacha na n-eisitheoirí nó feidhmeanna arna soláthar ag tríú páirtithe. Bunaithe ar an mapáil, ba cheart liosta na bpáirtithe sin a leagan síos sa phlean fuascailte agus na téarmaí conarthacha atá i bhfeidhm a leagan amach.

43. Ba cheart a áireamh sa mhapáil sin ar na gníomhaíochtaí criticiúla, i gcás inarb ábhartha, feidhm bainistithe riosca an eisitheora, an deasc trádála, an fheidhm chisteáin nó airgeadais, na feidhmeanna agus na córais TFC ábhartha, an fheidhm frithsciúrtha airgid (AML) (i gcás inarb ann di, ag brath ar chineál an eisitheora), an caidreamh le coimeádaí an chúlchiste sócmhainní (i gcás inarb ann dó), an idirghníomhaíocht le hidirghabhálaithe airgeadais (i gcás inar gá) chun rochtain a fháil ar mhargaí tánaisteacha agus athcheannaigh chun cúlsócmhainní a leachtú, agus an caidreamh le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (i gcás inar gá) chun sealbhóirí comharthaí gan íoc a shainaithint agus chun comharthaí gan íoc a bhailiú, nó le soláthraithe seirbhísí íocaíochta (i gcás inar gá) chun íocaíochtaí a dhéanamh leis na sealbhóirí comharthaí a mheastar a bheith i dteideal an éilimh fuascailte nó le haghaidh gníomhaíochtaí gaolmhara eile.

44. Ba cheart d'eisitheoirí ARTanna nach eintitis faoi oibleagáid iad faoi Threoir 2015/849/AE[6] míniú a thabhairt i gcónaí sa phlean fuascailte ar an gcaoi a mbeidh baint acu le hidirghabhálaithe atá faoi réir na Treorach sin ionas go ndéanfaidh na hidirghabhálaithe sin an méid seo a leanas:

   a) seiceálacha a dhéanamh maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac (SA/MSC), lena n-áirítear seiceálacha díchill chuí custaiméara ar shealbhóirí comharthaí a bhfuil éileamh fuascailte curtha isteach acu; agus

[6] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

b) a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/1113 (an Rialachán maidir le haistriú cistí)[7] (féach míreanna 55 agus 56 de na Treoirlínte seo) a chomhlíonadh i ndáil leis an aistriú.

45. Maidir leis na gníomhaíochtaí criticiúla laistigh d'eagraíocht an eisitheora, ba cheart don eisitheoir forléargas a áireamh sa phlean fuascailte ar na socruithe agus na próisis inmheánacha ábhartha a bhaineann lena bhfeidhmiú agus lena leanúnachas oibríochtúil, lena n-áirítear an príomhdhuine nó na príomhdhaoine a bhfuil sonraí teagmhála éigeandála cothrom le dáta aige nó acu.

46. Maidir leis na gníomhaíochtaí criticiúla a sholáthraíonn tríú páirtithe, ba cheart a áireamh sa phlean fuascailte liosta de na soláthraithe tríú páirtí sin go léir, na príomhtheagmhálaithe laistigh den eisitheoir agus an tríú páirtí atá i gceannas ar an gconradh le sonraí teagmhála éigeandála atá cothrom le dáta.

47. Ba cheart forléargas a thabhairt sa phlean fuascailte freisin ar ábhar na socruithe conarthacha, agus a leordhóthanacht a léiriú, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa a sheachaint, chun oibríochtú tráthúil agus cothromasach an phlean fuascailte a bhaint amach. Ba cheart don eisitheoir a dheimhniú freisin go n-áirithítear leanúnachas feidhmíochta leis na conarthaí sin má dhéantar an plean fuascailte a ghníomhachtú.

48. Maidir le coimeádaithe an chúlchiste sócmhainní agus leis na hidirghabhálaithe airgeadais (más ann dóibh) a bhfuil sé de chúram orthu na horduithe a chuireann an t-eisitheoir ar fáil chun an cúlchiste sócmhainní a leachtú a fhorghníomhú, ba cheart go léireofaí go cuí sna téarmaí conarthacha a leagtar amach sa phlean fuascailte an cuspóir go ndéanfar na fáltais ó leachtú an chúlchiste sócmhainní a uasmhéadú do shealbhóirí comharthaí, go n-áiritheofar an forghníomhú is fearr ar mhaithe leis na sealbhóirí comharthaí, agus go seachnófar sealbhóirí comharthaí díobhála eacnamaíche míchuí.

49. Ba cheart don eisitheoir an liosta de sholáthraithe tríú páirtí gníomhaíochtaí criticiúla agus na téarmaí conarthacha a choinneáil cothrom le dáta. I gcás inarb ábhartha, féadfar conarthaí leis na soláthraithe tríú páirtí is suntasaí, lena n-áirítear leis na coimeádaithe, a áireamh mar iarscríbhinní a ghabhann leis an bplean fuascailte.

50. Níor cheart go gcuirfeadh an forléargas ar na socruithe conarthacha atá i bhfeidhm le soláthraithe tríú páirtí gníomhaíochtaí criticiúla cosc ar an eisitheoir, más gá, socruithe conarthacha a dhéanamh le haon idirghabhálaithe eile a cheanglaítear tráth a ghníomhachtaítear an plean fuascailte dá rannchuideodh sé sin le cur chun feidhme ní b'éifeachtaí an phlean.

51. Chun na críche sin, ba cheart próiseas roghnúcháin na n-idirghabhálaithe a léiriú go soiléir agus go hoibríochtúil ar a laghad sa phlean fuascailte, ba cheart achoimre ar na príomhthéarmaí conarthacha atá beartaithe (amhail cúraimí, uainiú nó costais) a áireamh ann, agus ba cheart

[7] Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 1).

bileog téarma shealadach a áireamh ann mar iarscríbhinn a ghabhann leis an bplean fuascailte ina mbeidh liosta de chomhpháirtithe conarthacha ionchasacha a raibh an t-eisitheoir páirteach i bplé/i gcaibidlíocht leo, chomh maith leis na critéir roghnúcháin.

### An próiseas um fhuascailt ordúil éileamh na sealbhóirí comharthaí

52. Ba cheart don eisitheoir a áirithiú go leagtar síos sa phlean fuascailte próiseas ordúil chun éilimh na sealbhóirí comharthaí a fhuascailt agus go ndéantar é sin a shloinneadh agus a chur in iúl i bhfriotal soiléir, nádúrtha agus sothuigthe i gcomhréir leis an treoir maidir leis an bplean cumarsáide sa mhír ábhartha.

53. Ba cheart próiseas den sórt sin a chur in iúl ar bhealach oibríochtúil agus a áirithiú go n-íocfar éilimh fuascailte na sealbhóirí comharthaí go tráthúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 47 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus le hinneachar an pháipéir bháin maidir le cripteashócmhainní.

54. Chun na críche sin, ba cheart tuairisc a thabhairt sa phlean fuascailte ar na próisis, ar na bearta chun rioscaí sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta (ML/TF) a chuireann an t-eisitheoir i bhfeidhm a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus ar na saoráidí teicniúla a glacadh nó a bheartaítear a bheith i bhfeidhm chun an méid seo a leanas a phróiseáil:

i. sainaithint sealbhóirí comharthaí agus a dteidlíocht ar fhuascailt na gcomharthaí;

ii. comharthaí fuascailte a bhailiú agus a bhaint go buan as cúrsaíocht; agus

iii. sócmhainní a íoc amach nó a sheachadadh ina dhiaidh sin chuig na sealbhóirí comharthaí.

55. Ba cheart go n-áireofaí sa tuairisc ar an bpróiseas tagairt do chomhlíonadh oibleagáidí SA/MSC is infheidhme. Go háirithe, ba cheart an méid seo a leanas a bheith san áireamh sa phlean fuascailte:

a) maidir le pointe (i) i mír 54 thuas, tagairt a dhéanamh d’fhorghníomhú na mbeart díchill chuí custaiméara is infheidhme i gcomhréir le Treoir 2015/849/AE do na sealbhóirí comharthaí a bhfuil an t-éileamh fuascailte á chur isteach acu;

b) maidir le pointe (iii) i mír 54 thuas, tagairt a dhéanamh do na seiceálacha ar an bhfaisnéis a ghabhann leis an aistriú cistí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1113, i gcás inarb infheidhme.

Ba cheart d’údaráis inniúla cumhachtaí a fheidhmiú agus cúraimí a chomhlíonadh i ndáil le fuascailt mar a shonraítear sna Treoirlínte seo i gcomhar éifeachtach agus i malartú faisnéise le húdaráis atá inniúil chun sciúradh airgid a chosc agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac i gcomhréir le hAirteagal 94(5) den Rialachán sin.

56. Ba cheart a léiriú go soiléir sa phlean fuascailte na ceanglais agus inneachar íosta an éilimh fuascailte atá le comhdú ag na sealbhóirí comharthaí, agus ba cheart an méid seo a leanas a áireamh ann:

    a) céannacht agus sonraí teagmhála na sealbhóirí aonair (ainm, seoladh, ríomhphost agus/nó uimhir theileafóin), lena léirítear go gcaithfí le haon sonraí pearsanta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679;

    b) an fhianaise gurb é an duine a chomhdaíonn an t-éileamh an sealbhóir comharthaí agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé i dteideal an chirt fuascailte a gcomhdaítear an t-éileamh fuascailte ina leith agus na barántaí is gá (más ann dóibh) ó thaobh an tsealbhóra comharthaí i gcomhréir leis an bpáipéar bán maidir le cripteashócmhainní;

    c) an fhaisnéis is gá chun aon riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú, lena n-áirítear dícheall cuí custaiméara a fhorghníomhú i leith sealbhóirí comharthaí tráth a bhfuascailte i gcomhréir le Treoir 2015/849/AE;

    d) líon na gcomharthaí ábhartha arna sealbhú (lena n-áirítear sealúchais chodánacha) agus na seoltaí blocshlabhra poiblí a chumhdaítear leis an tiachóg ina gcoimeádtar na comharthaí (i gcás inarb infheidhme); agus

    e) léiriú ar chuntas bainc nó íocaíochta an tsealbhóra comharthaí chun na cistí a aistriú mar aisíocaíocht ar an éileamh fuascailte, nó sonraí comhchosúla is gá chun na sócmhainní a sheachadadh le haghaidh na fuascailte (i gcás inarb infheidhme). B’fhearr cuntais bhainc nó íocaíochta den sórt sin a choinneáil le hinstitiúidí creidmheasa nó íocaíochta an Aontais agus in aon chás níor cheart iad a shealbhú i dtríú tíortha ardriosca chun críocha riosca ML/TF dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2015/849/AE.

57. Leis an bhfaisnéis a liostaítear thuas agus a áirítear san éileamh fuascailte, ba cheart go gceadófaí don eisitheoir freisin measúnú a dhéanamh ar theidlíocht sealbhóirí comharthaí chun fuascailte, rud atá ina réamhthosaíocht maidir le cead a thabhairt na comharthaí fuascailte a bhailiú agus a bhaint go buan ó chúrsaíocht. Chun na críche sin, ba cheart a shonrú sa phlean fuascailte conas a chuirfear sásra seachadta an chomhartha in aghaidh na híocaíochta chun feidhme. Go háirithe, ba cheart a léiriú ann conas a bhaileoidh an t-eisitheoir gach comhartha fuascailte agus conas a thógfaidh sé as cúrsaíocht ina dhiaidh sin é (nó conas a “dhófar” é) agus an chaoi nach mbeidh aon pháirtí in ann é a athchúrsaíocht, a mhalartú, a aistriú ná a dhíol a thuilleadh.

58. Ba cheart go soiléireofaí sa phlean fuascailte freisin na foinsí ábhartha faisnéise, agus na gníomhaíochtaí agus an próiseas atá beartaithe a chuirfear chun feidhme nó a mbeifear ag brath orthu chun an líon comharthaí a éilítear le haghaidh fuascailte a réiteach le líon na gcomharthaí gan íoc.

59. Ba cheart a áireamh sa phlean fuascailte na céimeanna, na gníomhaíochtaí agus na próisis ábhartha uile chun an plean dáilte a fhorbairt chun na sealbhóirí comharthaí a aisíoc a chuir éileamh fuascailte isteach a ndearnadh measúnú dearfach air.

### Plean cumarsáide

60. Ba cheart plean cumarsáide a áireamh sa phlean fuascailte a bheidh le gníomhachtú gan mhoill nuair a ghlacfar cinneadh an údaráis inniúil cur chun feidhme an phlean fuascailte a spreagadh i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

61. Ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a bheith sa phlean cumarsáide:

   a) an dréachtfhógra poiblí atá le cur in iúl don phobal; agus

   b) na dréachtfhógraí cumarsáide leis na soláthraithe tríú páirtí gníomhaíochtaí criticiúla ar gá dul i dteagmháil leo láithreach nuair a ghníomhachtaítear an plean fuascailte. I gcás inar comhaontaíodh fógraí cumarsáide sna conarthaí ábhartha, ba cheart iad a chur i gceangal leis an bplean fuascailte.

   Ba cheart don eisitheoir comhsheasmhacht an phlean cumarsáide maidir le fuascailt na sealbhóirí comharthaí a áirithiú le pleananna cumarsáide eile atá ann cheana.

62. Ba cheart an dréachtfhógra poiblí a fhorbairt chun sealbhóirí comharthaí a chur ar an eolas faoi ghníomhachtú an phlean fuascailte ar chinneadh an údaráis inniúil d’fhonn na comharthaí a fhuascailt ar bhealach ordúil, tráthúil agus cothrom gan díobháil eacnamaíoch mhíchuí a fhorchur agus i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach sa pháipéar bán maidir le cripteashócmhainní.

63. D’fhonn teacht ar an bpobal i gcoitinne agus ar uaslíon na sealbhóirí comharthaí, ba cheart a léiriú sa phlean fuascailte na meáin inar cheart an fógra a fhoilsiú. Agus é sin á dhéanamh aige, ba cheart don eisitheoir pribhléid a thabhairt dóibh siúd a úsáideann an t-eisitheoir de ghnáth chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus leis an margadh agus chun a tháirgí agus a sheirbhísí a fhógairt.

64. Ba cheart cur síos a dhéanamh sa dréachtfhógra poiblí, i bhfriotal soiléir neamhtheicniúil, ar phríomhchéimeanna phróiseas na fuascailte agus ar na gníomhaíochtaí a bhfuiltear ag súil go dtabharfaidh sealbhóirí comharthaí fúthu laistigh den tréimhse ama a shonraítear chun a gcomhartha a fhuascailt.

65. Chun na gcríoch sin, ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a bheith sa dréachtfhógra poiblí:

   a) an dáta beacht agus an t-am beacht ar gníomhachtaíodh an plean fuascailte bunaithe ar chinneadh ón údarás inniúil;

   b) inneachar íosta an éilimh fuascailte mar a leagtar amach i mír 56 de na Treoirlínte seo;

c) an tréimhse ama, amhail ó fhoilsiú fógra den sórt sin, ina gceanglaítear ar na sealbhóirí comharthaí a n-éileamh fuascailte a chomhdú leis an eisitheoir nó (i gcás inarb infheidhme) leis na soláthraithe seirbhíse tríú páirtí, i gcomhréir leis an méid a léirítear sa pháipéar bán; agus

d) an mhódúlacht, an tacaíocht theicniúil agus an suíomh inar cheart do shealbhóirí comharthaí a n-éileamh fuascailte a chomhdú, e.g. tairseach bheacht an eisitheora nó – i gcás inarb infheidhme – tairseach bheacht tríú páirtí. Níor cheart go ndéanfadh an réiteach/na réitigh a ghlacfar idirdhealú in aghaidh sealbhóirí comharthaí, e.g. mar gheall ar a n-áit chónaithe.

### Eisiúint an ART nó an EMT chéanna ag eisitheoirí iomadúla

66. I gcás ina n-eisíonn roinnt eisitheoirí ART, nó i gcás ina n-eisíonn roinnt eisitheoirí seachas institiúidí creidmheasa EMT suntasach, foráiltear le Rialachán (AE) 2023/1114 nach mór cúlchiste aonair sócmhainní a chur ar bun chun sásra cobhsaíochta cuí an chomhartha a áirithiú.

67. I bhfianaise an méid sin, ba cheart an plean fuascailte a chur in iúl ina dhá mhír, is é sin, chéad mhír choiteann do na heisitheoirí uile agus comhaontaithe ag na heisitheoirí uile, agus dara mír sonrach do gach eisitheoir.

68. Ba cheart d’eisitheoirí comhordú a dhéanamh chun an mhír choiteann den phlean fuascailte a fhorbairt agus a chomhaontú, ar cheart na codanna seo a leanas ar a laghad a bheith inti:

i. na prionsabail agus na cuspóirí ginearálta lena rialaítear an plean fuascailte mar a luaitear sa mhír “Prionsabail agus cuspóirí ginearálta an phlean fuascailte” de na Treoirlínte seo;

ii. an mhír “Gníomhaíochtaí criticiúla agus socruithe conarthacha” de na Treoirlínte seo d’fhonn na gníomhaíochtaí criticiúla ar cheart don eisitheoir atá faoina rialú a bheith oibríochtúil chun an plean fuascailte comhchoiteann a chur chun feidhme go héifeachtach a shainaithint;

iii. an mhír “An próiseas um fhuascailt ordúil éileamh na sealbhóirí comharthaí”;

iv. an mhír “Plean cumarsáide”;

v. an comhordú éifeachtach idir na heisitheoirí chun an plean fuascailte a fhorbairt, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta;

vi. comhordú éifeachtach idir na heisitheoirí chun an plean a chur chun feidhme go hordúil tráth a ghníomhachtaithe le cinneadh ón údarás inniúil; agus

vii. gealltanas na n-eisitheoirí uile téarmaí an phlean fuascailte arna chomhaontú go coitianta a chomhlíonadh go hiomlán agus go dílis.

69. Chun comhordú cuí a áirithiú, ba cheart do na heisitheoirí sa phlean fuascailte duine díobh a cheapadh mar chomhordaitheoir gan dochar do chuntasacht gach eisitheora faoi seach. D’fhéadfaí an ceann deireanach sin a roghnú ag féachaint do thaithí chomparáideach na

n-eisitheoirí éagsúla sa ghnó agus leibhéal aibíochta a n-eagraíochta inmheánaí, don ról san idirghníomhaíocht leis na coimeádaithe agus le soláthraithe nó idirghabhálaithe tríú páirtí eile, agus d'ábharthacht a rannpháirtíochta san eisiúint. D'fhéadfaí a áireamh ar na cúraimí comhordúcháin forbairt, athbhreithniú agus nuashonrú an phlean fuascailte, cur chun feidhme na míre maidir leis an bplean cumarsáide, agus comhordú bhainistiú agus fhorghníomhú an phlean fuascailte.

70. Ba cheart an dara mír den phlean fuascailte a chur in oiriúint go sonrach d'eagrú inmheánach gach eisitheora. Go háirithe, ba cheart d'eisitheoirí bearta iomchuí a leagan síos arb é is aidhm dóibh cur i bhfeidhm na nithe seo a leanas a áirithiú:

i. an mhír "Prionsabail rialachais" de na Treoirlínte seo; agus

ii. an mhír "Gníomhaíochtaí criticiúla agus socruithe conarthacha", ag féachaint do na gníomhaíochtaí criticiúla laistigh d'eagraíocht an eisitheora nó arna soláthar ag tríú páirtithe ar gá dóibh a bheith oibríochtúil chun an plean fuascailte a chur chun feidhme go héifeachtach.

71. Ba cheart d'údaráis inniúla gach eisitheora atá rannpháirteach san eisiúint dul i gcomhairle le chéile go tráthúil agus comhoibriú maidir leis an measúnú ar an bplean fuascailte arna chur isteach ag na heisitheoirí.

72. Ba cheart d'údaráis inniúla dul i gcomhairle le chéile agus dul i gcomhar le chéile chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar aon fhoras chun an plean fuascailte a ghníomhachtú. Ba cheart d'údaráis inniúla gan an plean fuascailte a ghníomhachtú aon uair a dhéanann eisitheoir amháin eile nó níos mó na héifeachtaí díobhálacha ar an ART nó ar an EMT gan íoc a eascraíonn as neamhábaltacht nó neamhábaltacht ar dócha a bheith ann eisitheora amháin a oibleagáidí a chomhlíonadh a leigheas gan mhoill, ar bhealach a sheachnaíonn tionchar diúltach ar mhuinín na sealbhóirí comharthaí, ar chearta na sealbhóirí comharthaí nó ar chobhsaíocht na margaí.

## Idirghníomhaíocht an phlean fuascailte le himeachtaí eile

73. Ba cheart don eisitheoir a chur san áireamh, cé gur dhá dhoiciméad ar leith iad an plean téarnaimh, a forbraíodh i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2023/1114, agus an plean fuascailte, lena dtugtar aghaidh ar dhá chéim agus ar dhá chás éagsúla de ghéarchéim fhéideartha an eisitheora, ba cheart dóibh a bheith comhsheasmhach go háirithe a mhéid a bhaineann le rialachas inmheánach agus socruithe bainistithe riosca, próisis agus sainaithint córas TF agus gníomhaíochtaí criticiúla.

74. I gcás inar institiúid creidmheasa nó eintiteas é an t-eisitheoir faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Threoir 2014/59/AE[8] nó i gcás inar contrapháirtí lárnach é atá faoi réir Rialachán (AE) 2021/23[9], ba cheart don eisitheoir an plean fuascailte a fhorbairt go comhsheasmhach lena phlean réitigh agus lena cheanglais inréiteachta. Chuige sin, ba cheart don eisitheoir straitéis réitigh an eintitis, na feidhmeanna criticiúla sainaitheanta agus socruithe an leibhéil seirbhíse atá ríthábhachtach do leanúnachas oibríochtúil an eintitis a chur san áireamh, agus ba cheart dó féachaint le hoibriú rianúil na straitéise réitigh agus an phlean fuascailte a áirithiú an tráth céanna.

75. I gcás inar dhócha go mbeadh aon drochthionchar ag na gníomhaíochtaí, na socruithe conarthacha, na nósanna imeachta agus na córais atá beartaithe ag an eisitheoir sa phlean fuascailte ar inréiteacht an eintitis, ba cheart don eisitheoir aird an údaráis réitigh a tharraingt orthu i nóta mar iarscríbhinn a ghabhann leis an bplean fuascailte. Tá an méid sin gan dochar d'athbhreithniú an údaráis réitigh ar an bplean fuascailte ag féachaint d'inréiteacht an eintitis agus dá chumhacht moltaí a chur faoi bhráid an údaráis inniúil i gcomhréir le hAirteagal 47(4) de Rialachán (AE) 2023/1114.

76. Ós rud é gurb é an t-údarás réitigh a fhorbraíonn an plean réitigh agus gurb é an t-eisitheoir a fhorbraíonn an plean fuascailte, doiciméid ar leithligh a bheidh sa dá phlean.

## 4.4 Tréimhsiúlacht an athbhreithnithe agus an nuashonraithe

77. Chun a áirithiú go gcoinneofar pleananna fuascailte oibríochtúil agus éifeachtach i gcónaí, ba cheart d'eisitheoirí pleananna den sórt sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, lena n-áirítear i gcásanna athruithe ábhartha a dhéanann difear don eisitheoir nó dá thimpeallacht ghnó mar a thuairiscítear a thuilleadh i mír 79, agus an plean fuascailte athbhreithnithe a chur faoi bhráid an údaráis inniúil lena mheasúnú. Ba cheart athbhreithniú pras tráthúil ar an bplean fuascailte a bheith mar thoradh ar aon athrú ar an bplean téarnaimh chun a mheas an bhfuil sé fós comhsheasmhach leis an leagan nua den phlean téarnaimh.

78. Ba cheart a chur san áireamh i minicíocht an athbhreithnithe prionsabal na comhréireachta mar a chuirtear in iúl i mír 12 agus an treoir maidir le minicíocht an athbhreithnithe ar an bplean fuascailte de réir mhíreanna 13 agus 14.

79. Ba cheart don eisitheoir an plean fuascailte a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go pras freisin tráth a tharlaíonn athruithe ábhartha, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

[8] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

[9] Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1095/2010, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 806/2014 agus (AE) 2015/2365 agus Treoracha 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2007/36/CE, 2014/59/AE agus (AE) 2017/1132 (IO L 22, 22.1.2021, lch. 1).

i. samhail ghnó nó struchtúr eagraíochtúil an eisitheora;

ii. cineál an dearbháin, lena n-áirítear na cearta agus na hoibleagáidí a ghabhann leis an dearbhán;

iii. dálaí margaidh a dhéanann difear don eisitheoir nó don chúlchiste sócmhainní nó d'úsáid an chomhartha;

iv. teacht chun cinn aon leochaileachta anaithnide, go háirithe i ndáil le riosca TFC nó cibirionsaí, a mbeadh neamhéifeachtacht an phlean mar thoradh air; agus

v. gnéithe dlíthiúla, rialála nó maoirseachta.

## 4.5 Truicir

80. I gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, spreagtar cur chun feidhme an phlean fuascailte le cinneadh an údaráis inniúil "nach bhfuil an t-eisitheoir in ann nó gur dócha nach mbeidh sé in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh".

81. Sa bhreis ar na cásanna a luaitear go sainráite in Airteagal 47(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, eadhon (i) dócmhainneacht, (ii) réiteach an eisitheora (i gcás inarb infheidhme) nó (iii) údarú a tharraingt siar, sonraítear tuilleadh sna Treoirlínte seo na heilimintí le haghaidh mheasúnú an údaráis inniúil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil "an t-eisitheoir in ann nó gur dócha nach mbeidh sé in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh" faoi Rialachán (AE) 2023/1114.

82. I gcás ina dtosaítear ar bhearta coiscthe géarchéime nó ar bhearta bainistithe géarchéime mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointí (101) agus (102), de Threoir 2014/59/AE nó ar ghníomhaíocht réitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Rialachán (AE) 2021/23, níor cheart don údarás inniúil an plean fuascailte a spreagadh gan dul i gcomhairle agus comhordú roimh ré leis na húdaráis inniúla stuamachta nó réitigh ábhartha faoi Threoir 2013/36/AE10, Treoir 2014/59/AE nó Rialachán (AE) 2021/23 má tá an t-eisitheoir faoi réir na dTreoracha seo agus an Rialacháin seo.

83. Chun measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil "an t-eisitheoir in ann nó gur dócha nach mbeidh sé in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh" faoi Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart don údarás inniúil aird a thabhairt, *inter alia,* ar na gnéithe a liostaítear i bpointí (i) go (iii) de mhír 84, a bhaineann go heisiach leis na ceanglais a leagtar amach i dTeideal III nó i dTeideal IV, de réir mar is infheidhme, de Rialachán (AE) 2023/1114 agus laistigh de raon feidhme mhaoirseacht an údaráis inniúil.

[10] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

84. Is iad seo a leanas na gnéithe ar cheart don údarás inniúil aird a thabhairt orthu *inter alia* agus measúnú á dhéanamh aige maidir le cibé an bhfuil "an t-eisitheoir in ann nó gur dócha nach mbeidh sé in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh" faoi Rialachán (AE) 2023/1114:

   i. staid an chuntais chaipitil de chuid an eisitheora: sárú ar na ceanglais faoi Airteagal 35(1) go (5) agus Airteagal 45(5) de Rialachán (AE) 2023/1114;

   ii. staid leachtachta an eisitheora faoi na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/1114 agus/nó an chúlchiste sócmhainní:

      - sárú ar na ceanglais leachtachta nó, má tá sé faoi réir ceanglas cúlchiste sócmhainní a shealbhú, sárú ar na ceanglais a bhaineann le leibhéal agus comhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní a leagtar amach i gCaibidlí 3 agus 5 de Theideal III de Rialachán (AE) 2023/1114, lena n-áirítear aon sonraíocht i gcomhréir le hAirteagail 36(4), 38(5) agus 45(7)(b) den Rialachán sin, a luaithe a bheidh feidhm ag na rialacháin tharmligthe ábhartha, ar bhealach a thabharfadh údar le húdarú an eisitheora a tharraingt siar ag an údarás inniúil;

      - gan bheith in ann fiacha agus dliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite; agus

      - an cúlchiste sócmhainní a bheith aige atá níos ísle ná dliteanais;

   iii. maidir le heisitheoirí ARTanna a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2023/1114, ceanglais eile maidir le húdarú leanúnach:

      - i ndáil le socruithe rialachais: carnadh laigí nó easnamh ábhartha i bpríomhréimsí na socruithe rialachais nó na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear bainistiú riosca agus bainistiú riosca TFC, a mbíonn tionchar ábhartha diúltach stuamachta acu, astu féin nó le chéile, ar an eisitheoir agus/nó ar a athléimneacht oibríochtúil; nó aon eilimintí eile a mheasann an t-údarás inniúil a bheith ábhartha;

      - easnaimh ábhartha ar féidir leo, i dteannta a chéile, tionchar ábhartha diúltach stuamachta a bheith acu ar an eisitheoir, amhail dímheas mór ar chlú a eascraíonn as easpa trédhearcachta i seoladh gnó agus oibríochtaí nó nochtadh faisnéise neamhiomlán/neamhchruinn.

85. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar neamhábaltacht nó ar éagumas dóchúil an eisitheora go luath amach anseo na ceanglais is infheidhme a chomhlíonadh mar a chinntear freisin leis na fachtóirí thuas, ba cheart don údarás inniúil a chinneadh a bhunú freisin ar eilimintí lena n-áirítear i measc nithe eile:

   i. forbairtí díobhálacha suntasacha sa timpeallacht mhaicreacnamaíoch ar dócha go mbeidh siad ina mbagairt ar sheasamh an eisitheora maidir le cistí dílse, ceanglas leachtachta agus/nó sócmhainní lena dtacaítear le cearta fuascailte na sealbhóirí comharthaí, lena n-áirítear forbairtí ábhartha i rátaí úis, reo margaidh nó fás eacnamaíoch; ba cheart go

ndéanfadh forbairtí den sórt sin dochar suntasach do shamhail ghnó an eisitheora, don ionchas brabúsachta, dá shuíomh leachtachta, dá inmharthanacht agus dá chúlchiste sócmhainní;

ii. meath suntasach ar bhraistint eisitheora ar an margadh, mar shampla mar gheall ar bhacainní ar rochtain phras ar na sócmhainní atá mar thaca le cearta fuascailte sealbhóirí comharthaí, amhail meath ar phróifíl sócmhainneachta na hinstitiúide creidmheasa a shealbhaíonn taiscí an eisitheora nó a sholáthraíonn seirbhísí cumhdaigh, nó luaineacht dhiúltach na n-ionstraimí airgeadais fíorleachtacha sa chúlchiste sócmhainní nó na sócmhainní leachtacha ardcháilíochta atá sa cheanglas cóimheasa cumhdaigh leachtachta (LCR);

iii. meath suntasach ar dhálaí an mhargaidh, ar dócha go mbeidh scaoll ar AMT nó ar EMT i measc na sealbhóirí comharthaí mar thoradh air, i dteannta nithe eile, mar gheall ar aon mhórdhibhéirseacht dhiúltach agus/nó leanúnach idir margadhluach an chomhartha agus margadhluach na sócmhainní dá dtagraítear, suaitheadh neamhghnách a bhaineann le sócmhainní sonracha dá dtagraítear ag an AMT nó ag an EMT, méadú agus éagobhsaíocht ard an chriptea-mhargaidh, idirnascthacht idir an córas airgeadais agus na gníomhaíochtaí criptea-shócmhainní in eisitheoirí a d'fhéadfadh gníomhú mar bhealach tógálachta don ghéarchéim (neamhghnách nó ar fud an mhargaidh), nó caillteanas muiníne na sealbhóirí comharthaí.

86. Ba cheart anailís chúramach a dhéanamh ar bhonn cuimsitheach agus údar a thabhairt leis na tosca agus na heilimintí a liostaítear sna Treoirlínte seo, i míreanna agus 84 agus 85 faoi seach. Ba cheart an cinneadh nach bhfuil eisitheoir in ann nó gur dócha nach mbeidh sé in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh leanúint de bheith faoi réir breithiúnas saineolaí agus níor cheart é a dhíorthú go huathoibríoch ó aon cheann de na heilimintí a thuairiscítear anseo. Is fíor sin go háirithe maidir le léirmhíniú na n-eilimintí a bhféadfadh fachtóirí nach mbaineann go díreach le staid an eisitheora difear a dhéanamh dóibh.

87. Agus neamhábaltacht nó neamhábaltacht dhóchúil an eisitheora a oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/1114 a chomhlíonadh go luath amach anseo á chinneadh, ba cheart don údarás inniúil a chinneadh a bhunú, *inter alia*, ar an measúnú ar na heilimintí a dtugtar tuairisc orthu sa mhír seo agus a chur san áireamh, i gcás inarb ábhartha, mainneachtain réamhghníomhachtú na roghanna téarnaimh atá beartaithe sa phlean téarnaimh arna fhorbairt ag an eisitheoir i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2023/1114 nó mainneachtain na roghanna téarnaimh an cás anásta a leigheas. Mar sin féin, níor cheart réamhghníomhachtú an phlean téarnaimh a bheith ina choinníoll riachtanach chun an plean fuascailte a ghníomhachtú.

88. I bhformhór na gcásanna, táthar ag súil go gcuirfeadh roinnt fachtóirí, seachas ceann amháin, a leagtar amach sa mhír seo in iúl do chinneadh an údaráis inniúil nach bhfuil eisitheoir in ann nó gur dócha nach mbeidh sé in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh. Mar sin féin, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann inar leor coinníoll amháin a chomhlíonadh, ag brath ar a dhéine agus a

thionchar stuamachta, chun tacú le cinneadh an údaráis inniúil an plean fuascailte a ghníomhachtú.